Coimhlint in Gaza

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin choimhlint in Gaza.

(a) Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil.

1) abroad _____
2) conflict in the Middle East _____
3) positive reports _____
4) cease-fire _____
5) everyone is tense _____
6) in store for them _____
7) arbitrator _____
8) civilians _____
9) support has been shown _____
10) funeral _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

(b) Cén Ghaeilge atá ar na háiteanna seo - Israel, Palestine? Agus, cén Ghaeilge atá agat ar dhuine ó na háiteanna sin?

Ceist 2 Freagair na ceisteanna seo:

1) Cé atá ag troid le cé?
2) Cén fáth ar luadh Caireo sa mhír?
3) Cé mhéad duine a maraíodh go dtí seo?
4) An bhfuil aon dóchas go mbeidh sos comhraic ann?
5) Cé a chruinnigh sa Bhruiséil?
6) Cé dó a dtugann na Stáit Aontaithe agus an Eoraip tacaíocht?

Ceist 3 '…triúr…'

1) Déan plé leis an duine in aice leat ar na rialacha a bhaineann le daoine a chomhaireamh sa Ghaeilge.
2) Bí in ann cur síos a dhéanamh ar do theaghlach féin agus do chuid cairde.
3) Anois, cuir ceist ar an duine in aice leat cé mhéad duine atá ina theaghlach agus cé mhéad cara atá aige.

Ceist 4 '…*Míleataigh P**h**alaistíneacha*...'

(a) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an dara focal?
(b) Breac síos cúig shampla eile den riail chéanna.

Ceist 5 **'…cruinniú…'** agus **'…cruinnithe…'**

(a) Cad é an uimhir iolra de na focail seo a leanas:

scrúdú freastalaí athrú

(b) Cad is féidir leat a rá faoi ***scrúduithe*** agus ***scrúdaithe***?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- Cad eile atá ar eolas agat faoin choimhlint in Gaza?
- An féidir leat smaoineamh ar aon choimhlint eile sa lá atá inniu ann nó fadó a chuireann an choimhlint in Gaza i gcuimhne duit? Cad é?
- An bhféachann tú ar an nuacht gach lá?
- An gcuireann scéalta faoi chogaí agus slad i dtíortha eile isteach ort?

Freagraí

Ceist 1 (a)

1) abroad	*thar lear*
2) conflict in the Middle East	*coimhlint sa Mheánoirthear*
3) positive reports	*tuairiscí dearfacha*
4) cease-fire	*sos comhraic*
5) everyone is tense	*chuile dhuine ar bís*
6) in store for them	*i ndán dóibh*
7) arbitrator	*eadránaí*
8) civilians	*sibhialtaigh*
9) support has been shown	*tá tacaíocht léirithe*
10) funeral	*sochraid*

Ceist 1 (b)

Iosrael / Iosraelach
An Phalaistín – Palaistíneach

Ceist 2

1) Rialtas Iosrael agus míleataigh Phalaistíneacha.
2) Tá an Éigipt ag obair mar eadránaí idir an dá ghrúpa agus tá a lán cruinnithe ag dul ar aghaidh i gCaireo le teacht ar shocrú chun sos comhraic a chur i bhfeidhm.
3) Céad Palaistíneach agus triúr Iosraelach.
4) Tá. Deir an Éigipt go bhfuil an fhéidearthacht sin ann.
5) Airí Gnóthaí Eachtracha na hEorpa.
6) Tugann siad tacaíocht d'Iosrael go dtí seo.

Ceist 3

1) Is é an tuiseal ginideach san uimhir iolra a leanann na huimhreacha pearsanta tar éis ***beirt*** ar aghaidh. Ní bhíonn séimhiú ar an ainmfhocal ach amháin tar éis ***beirt*** nuair is féidir, is é sin nuair nach mbíonn *na litreacha dntls* i gceist nó nuair nach dtosaíonn an t-ainmfhocal le guta. Féach:

…amháin	**cailín**	**imreoir**	**dalta**
Beirt	**chailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Triúr	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Ceathrar	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Cúigear	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Seisear	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Seachtar	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Ochtar	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Naonúr	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**
Deichniúr	**cailíní**	**imreoirí**	**daltaí**

Ceist 4

(a) Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal le consan caol cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.
(b) Fir mhóra, teaghlaigh bheaga, gluaisteáin dheasa, buidéil dhaite…

Ceist 5

(a) scrúduithe / freastalaithe / athruithe

(b) Nuair a chríochnaíonn an focal le ‘ú’, is é –uithe an uimhir iolra agus –aithe an tuiseal ginideach san uimhir uatha.

Ceist 6
Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Thar lear, níl aon stop go fóill leis an gcoimhlint sa Mheánoirthear, agus Iosrael agus míleataigh Phalaistíneacha ag leanúint lena gcuid ionsaithe ar a chéile. Tá tuairiscí dearfacha ag teacht ó na cruinnithe atá ar bun i gCaireo na hÉigipte ina bhfuiltear ag féachaint le sos comhraic a chur i bhfeidhm ach níl aon rud cinntithe go fóill.

An séú lá den choimhlint tá breis is nócha Palaistíneach agus triúr as Iosrael tar éis bháis. Dúirt Uachtarán na hÉigipte nach mbeadh aon ghlac acu le hionradh ar Gaza ó arm Iosrael. Saighdiúirí Iosrael agus a gcuid tancanna ag bailiú ag teorainn Gaza faoi réir le hionradh a dhéanamh má thugtar an t-ordú sin dóibh. Tá chuile dhuine ar bís a fháil amach an sos comhraic nó cogadh atá i ndán dóibh.

Deir an Éigipt, atá ag feidhmiú mar eadránaí idir Iosrael agus Hamas, go bhféadfadh sé go bhfuil siad gar do shocrú sos cogaidh. Níos luaithe sa mBruiséil[i] bhí cruinniú ag Airí Gnóthaí Eachtracha na hEorpa. Ó thosaigh an choimhlint is deireanaí seo Dé Céadaoin seo caite tá suas le céad Palaistíneach marbh, sibhialtaigh breis is leath acu. In Iosrael maraíodh triúr de bharr ionsaí roicéad agus tá na céadta eile gortaithe. Tá tacaíocht léirithe ag na Stáit Aontaithe agus ag ceannairí Eorpacha go dtí seo d'Iosrael, cé go raibh an lá inné in Gaza ar cheann de na laethanta b'fhuiltí[ii] le fada. Maraíodh teaghlach Palaistíneach inné, naonúr ar fad, ceathrar páistí ina measc agus bhailigh na mílte ar an tsochraid[iii] inniu.

[i] *Sa Bhruiséil* atá sa chaighdeán
[ii] *Ba fuiltí* a deirtear
[iii] *Ar an sochraid* a deirtear